

## Supplementary Material

### Story 1 and Story 2

Story 1 “Frog Where Are You?” (Mayer, 1969) – Irish translation

1. Uair amháin bhí buachaill ann agus bhí frog agus mada mar pheataí aige.
2. Gach oíche chuireadh sé an frog a chodladh i gcrúscá mór ina sheomra codlata.
3. Ach oíche amháin nuair a bhí sé féin agus a mhada ina gcodladh, léim an frog ón gcrúscá agus amach an fhuinneog leis.
4. An mhaidin dár gcionn, bhí iontas orthu feiceáil go raibh an frog imithe.
5. Bhreathnaigh an buachaill isteach ina bhuataisí ach ní raibh an frog ann.
6. Agus bhí an mada ag cuartú an frog freisin ach nuair a thriáil sé breathnú isteach sa gcrúscá chuaigh a chloigeann i bhfostú ann.
7. Ghlaough an buachaill amach an fhuinneog “A fhroig, frog, cá bhfuil tú?”.
8. Luigh an mada amach thar an bhfuinneog freisin agus an crúsca fós ar a chloigeann aige.
9. Ach bhí an crúsca chomh trom sin gur thit an mada ar mhullach a chinn amach an fhuinneog.
10. D’árdaigh an buachaill an mada le bheith cinnte go raibh sé ceart go leor.
11. Ní raibh an mada gortaithe ach bhí an crúsca briste ina smidiríní.
12. Ní raibh an buachaill sásta leis an mada ach bhí an mada sásta mar ní raibh an crúsca ar a chloigeann a thuilleadh.
13. Chuaigh an buachaill agus an mada amach i dtreo na gcrainnte a bhí in aice le teach an bhuachalla.
14. Ghlaough an buachaill amach arís “A fhroig, tá muid ag tiocht le tú a chuartú, cá bhfuil tú?”
15. Ghlaough an buachaill isteach i bpoll a bhí sa talamh an fhad is a bhí an mada ag léimt suas agus ag cur as do roinnt beacha a bhí thuas i nead beiche thuas i gcrann.(bzzzzz)
16. Go tobann, chuir luchaín olc a chloigeann amach as an bpoll agus bhain sé plaic as srón an bhuachalla.
17. An fhad is a bhí sé sin ag tarlú bhí an mada fós ag cur as dho na beacha bochta.
18. Bhí sé ag léimt suas agus ag tafann orthu. (woof woof)
19. Leag an mada an nead beiche ón gcrann agus d’eilil na beacha uilig amach aisti.
20. Bhí na beacha olc leis an mada mar scrios sé a dteach.

21. Ach ní raibh an buachaill ag tabhairt aon aird ar an mada.
22. Bhí poll mórtugtha faoi dearadh aige thusa i gcrann.
23. Mar sin suas leis sa gcrann agus ghlaough sé isteach sa bpoll “A fhroig, frog, an bhfuil tú istigh ansin?!”
24. Ach ní frog a bhí sa bpoll ach ulcabhán mórtuonn.
25. Go tobann, d’eiltean t-éan mórtuonn amach as an bpoll agus leag sé an buachaill ar a dhroim ar an talamh.
26. Rith an mada thairis chomh tapaidh agus a bhí sé in ann mar bhí na beacha uilig ina dhiaidh.
27. Rith an buachaill ón ulcabhán chomh fada le carraig mhór.
28. Suas leis ar an gcarraig agus ghlaough sé amach arís “A Fhroig, cá bhfuil tú?!”
29. Rug sé greim ar roinnt craobhacháí ionas nach dtitfeadh sé.
30. Ach ní craobhacháí a bhí iontu dáiríre ach adharca fia.
31. O! Go bhfóire Dia orainn bhí an buachaill i bhfostú ar chloigeann an fia mhóir!
32. Ansin thosaigh an fia ag rith leis an mbuachaill fós i bhfostú ar a chloigeann aige.
33. Rith an mada in éindí leo.
34. Go tobann, chonaic an fia aill.
35. Stop sé ag rith agus thit an buachaill agus an mada thar imeall na haille.
36. Bhí lochán uisce faoi bhun na haille agus thit siad isteach i mullach a chéile.
37. Nach ann a bhí an splais mórtuisce!
38. Go tobann chuala an buachaill rud éigin taobh thiar dho chrann a bhí sa lochán.
39. “Shhh!” a dúirt sé leis an mada, “airím rud éicint,
40. “tá mé chun breathnú taobh thiar dhon chrann”.
41. Go deas réidh bhreathnaigh siad taobh thiar dhon chrann
42. Agus cé a bhí ann ach frog an bhuachalla.
43. Agus bhí mamaí frog in éindí leis.
44. Bhí roinnt frogannaí beaga ann freisin.
45. “Ó sin áit ina bhfuil tú!” a dúirt an buachaill “agus tá frogannaí beaga agat freisin!”
46. Léim ceann dho na frogannaí beaga i dtreo an bhuachalla.
47. Thaitnígh an buachaill leis an bhfrog beag seo agus bhí sé ag iarraidh dhul abhaile leis agus a bheith mar pheata aige.
48. Bhí an buachaill agus an mada an-an-sásta peata nua a bheith acu.
49. Nuair a bhí an buachaill ag imeacht óna sheanchara agus a chlann nua, dúirt sé “slán, tabharfaimid aire mhaith dhó”.

## Story 2

Irish

An cuimhin leat go ndeachaigh ceann de na frogannaí beaga abhaile leis an mbuachaill.

Bhuel seo d’iad na frogannaí beaga eile, a dheartháireachaí agus dheirfiúrachaí ...

Story 2:

1. Tá siad brónach.
2. Airíonn siad a ndeartháir uathu.
3. Ba mhaith leo a ndeartháir a fheiceáil.
4. Tosnaíonn péire acu ag smaoineamh, “b’fhéidir go bhféadfadh muid dhul ar cuairt chuige”.
5. An mhaidin dár gcionn, éríonn siad as a leapacha.
6. Cuireann siad orthu a mbuataisí dubha.
7. Tógann sise a bláth léi agus tugann sí a mhála dhó.
8. Le chéile, léimeann siad thar chraobh mhór amháin agus imíonn siad faoi cheann eile atá i bhfad níos mó ná an chéad cheann.
9. Téann siad trí lochán uisce.
10. Téann siad suas cnoc.
11. Téann siad idir dhá chrann mhóra.
12. Agus ar a mbealach feiceann siad an fia mór, an t-ulcabhán donn, na beacha bochta agus an luchaín olc.
13. Chomh maith leo siúd, feiceann siad cait, caoirigh, agus capla.
14. Faoi dheireadh, tagann siad ar theach an bhuachalla.
15. Agus tá siad chomh sásta a ndeartháir a fheiceáil.
16. Suíonn siad ag ithe seacláide lena ndeartháir agus a chairde nua, an buachaill agus an mada. (yum yum yum).
17. Agus iad ag imeacht, deireann siad “slán, tiocfaimid ar ais arís go luath agus an chéad uair eile tabharfaimid Mamaí agus Daidí linn!”

## Story 2

### English translation

Do you remember that one of the baby frogs went home with the boy? Well these are the other baby frogs, his brothers and sisters ...

Story 2:

1. They're sad.
2. They miss their brother.
3. They want to see him.
4. Two of them start to think "maybe we could go and visit him."
5. The next morning, they get out of their beds.
6. They put on their black boots.
7. She takes her flower with her and gives him his bag.
8. Together, they jump over a big branch and they go under another one that's much bigger than the first one.
9. They go through a little lake.
10. They go up a hill.
11. They go between two big trees.
12. And on their way they see the big deer, the brown owl, the poor bees and the angry mouse.
13. As well as those, they see cats, sheep and horses.
14. At last they come to the boy's house.
15. And they're so happy to see their brother.
16. They sit eating chocolate with their brother and his new friends the boy and the dog.  
(yum yum yum)
17. As they're leaving, they say "bye, we'll come back again soon and next time we'll bring Mammy and Daddy with us!"

## Illustrations for Story 2

### Story 2















